Ba é Murchú an cara ab fhearr
a bhí ag Ruairí.

Tháinig Murchú
chuig fuinneog Ruairí
gach maidin
agus thosaigh sé ag tafann
go dtí gur oscail Ruairí í.

'Maidin mhaith duit, Murchú,'
a bhéic Ruairí.
An chéad rud
a rinne Ruairí gach maidin
ná bricfeasta a thabhairt
do Mhurchú.